M8

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2005***

# Gaeilge Ardleibhéal

## Páipéar 2

180 MARC

**Aoine**
**10 Meitheamh**
**Maidin, 9.30 go dtí 12.50**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

***Nóta***: Tá rogha idir **AN CÚRSA AINMNITHE** agus **AN CÚRSA ROGHNACH**.

***Má roghnaíonn tú AN CÚRSA AINMNITHE freagair:***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ceist 1*** | **A** | PRÓS AINMNITHE |
| ***Ceist 2*** | | PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de **A, B, C,** *nó* **D** |
| ***Ceist 3*** | **A**<br>**C** | FILÍOCHT AINMNITHE AGUS<br>DÁNTA DUALGAIS BREISE |
| ***Ceist 4*** | | STAIR NA GAEILGE |

***Má roghnaíonn tú AN CÚRSA ROGHNACH freagair:***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ceist 1*** | **B** | PRÓS ROGHNACH |
| ***Ceist 2*** | | PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de **A, B, C,** *nó* **D** |
| ***Ceist 3*** | **B**<br>**C** | FILÍOCHT ROGHNACH AGUS<br>DÁNTA DUALGAIS BREISE |
| ***Ceist 4*** | | STAIR NA GAEILGE |

# *Ceist 1*

## PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) ***nó*** **B** (Prós Roghnach).

| **A** | – PRÓS AINMNITHE – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***agus*** **(b)**.

**(a)** “Is é an ceangal idir an draíocht agus mothúcháin láidre daonna a dhéanann scéal béaloidis ar leith de *Clann Lir*.” Déan plé **gairid** air sin. (25 mharc)

***nó***

“Is go drámatúil, greannmhar a léirítear meon an fhir sa ghearrscéal *Fiosracht Mhná*”. Déan plé **gairid** air sin. (25 mharc)

**(b)** Maidir leis an sliocht as an úrscéal *Gafa,* déan plé **gairid** ar a éifeachtaí is a léirítear cás na máthar, Eithne, ann. (15 mharc)

***nó***

“Léiriú éifeachtach ar theaghlach atá i mbaol titim as a chéile atá sa sliocht as an úrscéal *Gafa*”. Déan plé **gairid** air sin.

(15 mharc)

| **B** | – PRÓS ROGHNACH – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***agus*** **(b)**.

**(a)** Maidir le scéal béaloidis (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag mianta agus ag mothúcháin **duine** de na príomhcharachtair ar na heachtraí sa scéal.

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

(25 mharc)

***nó***

Maidir le gearrscéal (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar an gcaidreamh atá idir **beirt** de na príomhcharachtair ann **agus** ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an gcaidreamh sin.

(25 mharc)

[Ní mór teideal an ghearrscéil mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

**(b)** Maidir le sliocht as úrscéal (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar fhadhb atá ag **duine** de na príomhcharachtair ann **agus** ar an gcaoi a bhfaightear (nó nach bhfaightear) réiteach ar an bhfadhb sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

***nó***

Maidir le sliocht as úrscéal (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa), déan plé **gairid** ar an bplota ann **agus** ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an bplota sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

# *Ceist 2*

## PRÓSTÉACS BREISE 40 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN DE **A** ***nó*** **B** ***nó*** **C** ***nó*** **D** ar leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall).

| **A** | – GEARRSCÉALTA – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)**.

**(a) SCOTHSCÉALTA** (40 marc)

(i) "Is minic i scéalta Uí Chonaire go bhfeictear carachtair laga ag dul i ngleic le fadhbanna móra".
Déan é sin a phlé i gcás caractar **amháin** ag dul i ngleic le fadhb mhór **amháin** maidir le **ceann amháin** de na scéalta seo:
*Páidín Mháire; Nóra Mharcais Bhig; Anam an Easpaig.*

***nó***

(ii) "Cé go mbíonn cúlra polaitiúil le cuid de scéalta Uí Chonaire, ní hí an pholaitíocht an t-aon téama amháin sna scéalta úd de ghnáth."
Déan fírinne an ráitis sin a léiriú maidir le ceann **amháin** de na scéalta seo:
*M'Fhile Caol Dubh; Beirt Bhan Misniúil; Teatrarc na Gaililí.*

**(b) CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH** (40 marc)

(i) "Is minic i ngearrscéalta a fheictear carachtair laga ag dul i ngleic le fadhbanna móra".
Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar charactar **amháin** ag dul i ngleic le fabhb mhór **amháin** sa scéal úd.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

***nó***

(ii) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar a éifeachtaí is a léirítear an ***ceangal*** idir cúlra an scéil **agus** téama mór **amháin** sa scéal sin.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

## B – ÚRSCÉALTA – 40 marc

Freagair **(a)** ***<u>nó</u>*** **(b)**.

**(a) MÁIRE NIC ARTÁIN** (40 marc)

(i) "Tugtar léargas an-mhaith san úrscéal seo ar na deacrachtaí éagsúla a chruthaigh a saol i mBéal Feirste do Mháire agus do Sheoirse".
Déan plé ar fhírinne an ráitis sin ón méid fianaise atá san úrscéal faoi.

***nó***

(ii) Déan plé ar an léiriú a dhéantar san úrscéal seo ar uaigneas agus ar aonaránacht Mháire i gcathair Bhéal Feirste.

**(b) ÚRSCÉAL ROGHNACH** (40 marc)

(i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an léiriú a dhéantar ann ar ghnéithe den saol sóisialta agus ar na deacrachtaí a chruthaíonn siad do **bheirt** de na príomhcharachtair san úrscéal.

[Ní mór teideal an úrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

***nó***

(ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan trácht ar a éifeachtaí is a dhéantar léiriú ar choimhlint a bhaineann le príomhcharachtar ann **agus** ar an gcríoch a bhíonn ar an gcoimhlint sin.

[Ní mór teideal an úrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

| **C** | – DÍRBHEATHAISNÉISÍ – | **40 marc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)** anseo.

**(a) A THIG NÁ TIT ORM** (40 marc)

(i) "Tá an neamhspleáchas agus an dílseacht dá dhúchas ar na tréithe is suntasaí a léiríonn Maidhc Dainín ina dhírbheathaisnéis." Déan plé air sin.

***nó***

(ii) "Tá cur síos an-spéisiúil ag Maidhc Dainín ina dhírbheathaisnéis ar chúrsaí sóisialta sna Stáit Aontaithe le linn tréimhse chorrach de stair na tíre sin." Déan plé air sin.

**(b) DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH** (40 marc)

(i) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé ar a éifeachtaí, dar leat, is a dhéantar léiriú inti ar **dhá** thréith shuntasacha a bhaineann leis an údar ann.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

***nó***

(ii) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé ar an léiriú a dhéanann an t-údar inti ar ghnéithe den saol sóisialta a chuaigh i bhfeidhm air/uirthi le linn tréimhse áirithe dá s(h)aol.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

## D – DRÁMAÍ – 40 marc

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)** anseo.

**(a) AN TRIAIL** (40 marc)

(i) "I gcás na príomhphearsan Máire Ní Chathasaigh, sa dráma seo, d'fhéadfaí a rá gur uirthi féin atá cuid mhór den locht sa chríoch thragóideach a bhí uirthi."
Déan plé ar an ráiteas sin.

***nó***

(ii) "Is léiriú an-diúltach ar an saol in Éirinn sna seascaidí a chuirtear os ár gcomhair sa dráma seo."
Déan plé ar an ráiteas sin maidir leis an dráma.

**(b) DRÁMA ROGHNACH** (40 marc)

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar a éifeachtaí is a dhéantar léiriú ar theannas **nó** ar choimhlint idir na príomhphearsana ann **agus** ar an gcríoch atá ar an gcoimhlint sin.

[Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.]

***nó***

(ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an gcaoi ar chuir an t-údar suíomh an dráma os ár gcomhair **agus** mínigh cé chomh dearfach (nó diúltach) is atá dearcadh an údair féin ar an suíomh sin.

[Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.]

# *Ceist 3*

## FILÍOCHT 70 MARC

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** **B** (Filíocht Roghnach)

Ní mór do ***gach iarrthóir*** **C** (Dánta Dualgais Breise) a fhreagairt.

### A – FILÍOCHT AINMNITHE – **35 mharc**

Freagair **(a)** atá thíos ***agus*** **(b)** atá thall.

(a) (i) "Is éifeachtach an chodarsnacht a léirítear idir aoibhneas na hóige agus aigne shuaite an duine fhásta sa dán *Chlaon mé mo Cheann"*. É sin a phlé. (12 mharc)

(ii) Déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as an íomhá "an stráinséir sa doras" sa dán. (8 marc)

**Chlaon mé mo Cheann**

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go ndearcfainn
An teach ar tógadh mé ann,
Ar eagla go bhfeicfinn
Mo mháthair sa doras
Agus í ag fanacht go himníoch liom,
Nó m'athair ag pilleadh
Tráthnóna le fonn.

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go scilfeadh
Gach bliain a scéal,
Ar eagla go bhfeicfinn
An strainséir sa doras
Is go ngéillfinn don racht
In mo chléibh.

***nó***

(i) Maidir leis an dán *Mac Eile Ag Imeacht,* déan plé **gairid** ar an gcaoi a léiríonn an file uaigneas na dtuismitheoirí sa dán seo. (12 mharc)

(ii) Déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as do rogha **ceann amháin** díobh seo a leanas:
atmaisféar; athrá; friotal; íomhánna. (8 marc)

**MAC EILE AG IMEACHT**

Cuirfimidne chun bóthair arís inniu
Chuig aerfort Bhaile Átha Cliath.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.
Eisean féin a thiomáinfidh an carr
Tús curtha ar a thuras fada.
Ag mionchomhrá go treallach míloighciúil
A mheilfimid an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha
A bheidh idir lámha aige
Béarfaidh sé ar an bhfaill
Faoi spalladh gréine i Houston, Texas.
Tar éis slán a chur leis
Agus greim láimhe againn ar a chéile
Pléifimid na buntáistí a bheidh aige thall
Nach mbeadh ar fáil sa bhaile.

Gealgháireach fuadrach a bheidh
Na strainséirí inár dtimpeall.
Ní bhacfaimid le cupán caife,
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.

(b) Maidir leis an dán *Treall* (thíos), déan trácht **gairid** ar théama an dáin, dar leat, agus ar conas mar a dhéanann an file léiriú ar an téama sin. (15 mharc)

***nó***

"Cé gur dán an-ghairid é *Treall* téann sé i bhfeidhm go mór orainn." Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí a théann an dán seo i bhfeidhm ort féin. (15 mharc)

**TREALL**

Tabhair dom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach seo,
go ndéanfad tairseach
den fhardoras
'gus urláir
de na ballaí
go dtiocfaidh scraith
agus díon agus
similéir anuas
le neart mo chuid
allais –

Sín chugam anois
Na cláir is na tairní
go dtóigfead
an teach eile seo –

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

| **B** | – FILÍOCHT ROGHNACH – | **35 mharc** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** ***agus*** **(b)** anseo.

**(a)** (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan plé ar a éifeachtaí is a léirítear do rogha **dhá** mhothúchan ann. (12 mharc)

(ii) Roghnaigh íomhá amháin as an dán a théann i bhfeidhm ort agus mínigh cén fáth a dtéann an íomhá sin i bhfeidhm ort. (8 marc)
[Ní mór teideal an dáin a scríobh síos go cruinn mar aon le hainm an fhile.]

***nó***

(i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile le híomhá amháin sa dán **agus** an chaoi a ndéanann an íomha sin léiriú ar théama an dáin. (12 mharc)

(ii) Scríobh nóta ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as do rogha **ceann amháin** díobh seo leanas: atmaisféar, friotal, athrá. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.]

**(b)** Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh nóta gearr ar an gcaoi a ndeachaigh an dán i bhfeidhm ort féin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.]

***nó***

Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé **gairid** ar an mbrí atá le do rogha meafar sa dán sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.]

Freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) anseo.

## C – DÁNTA DUALGAIS BREISE – 35 mharc

Freagair **(a) nó (b)** anseo thíos.

**(a)** Freagair (i), (ii) **AGUS** (iii) thíos.

(i) Déan trácht gairid ar na cleasa cainte a mbaineann an file úsáid astu chun an ógbhean a mhealladh sa dán *Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte* thíos. (20 marc)

(ii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna línte seo a leanas:
"A chúl na bpéarlaí, a rún na héigse
dhúblaíos féile's fáilte".
(6 mharc)

(iii) Scríobh nóta ar mheadaracht an dáin agus léirigh an mheadaracht a bhaineann le do rogha véarsa ann. (9 marc)

### Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte.

A phlúr na maighdean is úire gné
thug clú le scéimh ón Ádhamhchlainn,
A chúl na bpéarlaí, a rún na héigse
dhublaíos féile's fáilte,
a ghnúis mar ghréin i dtús gach lae ghil
mhúchas léan le gáire,
's é mo chumhaidh gan mé's tú, a shiúr, linn féin
sa dún sin Chéin mhic Cáinte.

Táim brúite i bpéin, gan suan gan néal,
de do chumhaidhe, a ghéag is áille,
's gur tú mo roghain i gcúigibh Éireann,
cúis nach séanaim ás de:
dá siúlfá, a réalt gan smúid, liom féin
ba súgach saor ár sláinte-
gheobhair plúr is méad is cnuasach craobh
sa dún sin Chéin mhic Cáinte.

Cluinfir uaill na ngadhar ar luas i ndéidh
Bhriain luaimnigh bhearnaigh mhásaigh
is fuaim guth béilbhinn cuach is smaolach
go suairc ar ghéaga in altaibh;
i bhfuarlinn tséimh chífir slua-bhuíon éisc
ag ruagadh a chéile ar snámh ann,
's an cuan go léir dhuit uait i gcéin
ó nua-chnoc Chéin mhic Cáinte.

A rún mo chléibh, nach mar siúd ab fhearr dhuit
tús do shaoil a chaitheamh liom?
's ní i gclúid faoi léan ag túirscín bréan
i gcionn túirne 's péire cardaí?
gheobhair ciúl na dtéad le lúth na méar
do do dhúscadh 's dréachta grá fós-
níl dún faoin ngréin chomh súgach aerach
le hÚrchnoc Chéin mhic Cáinte.

A shuaircbhean tséimh na gcuachfholt péarlach,
gluais liom féin ar ball beag,
tráth is buailte cléir is tuataí i néal
'na suan faoi éadaí bána;
ó thuaidh go mbéam i bhfad uathu araon
teacht nua-chruth gréine amárach,
gan ghuais le chéile in uaigneas aerach
san uaimh sin Chéin mhic Cáinte.

***nó***

**(b)** Freagair (i), (ii) **AGUS** (iii) thíos.

(i) "Is dearcadh gruama ar an gcaidreamh daonna atá á nochtadh sa dán *Teangmháil*". É sin a phlé. (20 marc)

(ii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna línte seo a leanas:
"Tháinig chugam d'uaigneas
is theangmhaigh sé le m'uaigneas
fuaireadar faoiseamh i bpóg". (6 marc)

(iii) Scríobh nóta ar an úsáid a bhaineann an file as **atmaisféar** sa dán. (9 marc)

**Teangmháil**

Tháinig tú chugam
ag an am san den oíche
a dtagann borradh faoin tost

Tháinig chugam d'uaigneas
is theangmhaigh sé le m'uaigneas.
Fuaireadar faoiseamh i bpóg

nár mhair ach tamaillín
sular imigh tú leat arís
ar bhealach príobháideach

d'aignis féin
ach sheas an phóg san aer
is dhein scamall di

a thuirlingíonn uaireanta
ag an am san den oíche
a dtagann borradh faoin tost
chun an t-uaigneas a dhíbhirt.

# *Ceist 4*

## STAIR NA GAEILGE 30 MARC

Scríobh gearrchuntas ar **DHÁ CHEANN** díobh seo a leanas:

(a) Trí mhórchanúint na Gaeilge.

(b) Do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:-
Ogham; na Gluaiseanna; Scoil Lobháin; Na hAnnála.

(c) Filíocht na mBard.

(d) An tAmhrán i litríocht na Gaeilge.

(e) Béaloideas na Gaeilge.

(f) Do rogha **beirt** díobh seo:-

Dubhghlas de hÍde,
Máirtín Ó Cadhain,
Peig Sayers,
Peadar Ó Doirnín,
Nuala Ní Dhomhnaill,
Máiréad Ní Ghráda,
Cathal Ó Searcaigh,
Pádraic Ó Conaire,
Caitlín Maude.

Leathanach Bán

Leathanach

Bán

Leathanach Bán